

# An Binse Achomhairc Fostaíochta

## Tuarascáil Bhliantúil

2013

Arna chur faoi bhráid an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta faoi  
Alt 39 (18) den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007



An Binse Achomhairc Fostaíochta  
Employment Appeals Tribunal

---

## **Ráiteas Misin an Bhinse Achomhairc Fostaíochta**

‘Chun bealach réasúnta neamhchostasach agus réasúnta neamhfhoirmiúil a chur ar fáil le breithiúnas a dhéanamh i gcás díospóidí maidir le cearta fostaíochta faoi bhailiúchán reachtaíochta a eascraíonn ó raon an Bhinse’.

# Clár Ábhar

<b>Réamhrá an Chathaoirligh</b>	<b>4</b>
<b>Comhaltaí an Bhinse Achomhairc Fostaíochta</b>	<b>6</b>
<b>Nuacht an Bhinse 2013</b>	<b>7</b>
<b>Forbhreathnú ar Obair an Bhinse in 2013</b>	<b>8</b>
Cásanna a Atreoraíodh	<b>8</b>
Cásanna a Cuireadh de Láimh	<b>9</b>
<b>Cásanna a Atreoraíodh agus a Cuireadh de Láimh in 2013</b>	<b>10</b>
Na hAchtanna um Iocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007	<b>10</b>
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go	<b>11</b>
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007	<b>11</b>
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 2004	<b>12</b>
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	<b>13</b>
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004	<b>13</b>
An tAcht um Ioc Pá, 1991	<b>13</b>
Na hAchtanna um Théarmaí (Faisnéis) Fostaíochta, 1994 agus 2001	<b>14</b>
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006	<b>14</b>
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000	<b>14</b>
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003	<b>15</b>
Liosta na nAchtanna nár atreoraíodh ná nár cuireadh aon chásanna de láimh fúthu.	<b>15</b>
<b>Ionadaíocht ag Éisteachtaí</b>	<b>16</b>
<b>Gníomhaíochtaí Eile</b>	<b>18</b>
Próiseas athchóirithe um Chaidreamh san Ionad Oibre	<b>18</b>
Athrath agus Ateangairí	<b>19</b>
Inrochtaineacht	<b>19</b>
Achomhairc le Cúirteanna níos Uachtaraí	<b>20</b>
Cumann Eorpach Bhreithiúna na gCúirteanna Oibreachais	<b>20</b>
Freastal ar Éisteachtaí an BAF	<b>20</b>
Cartlannú Comhad	<b>21</b>
An tSeirbhís do Chustaiméirí	<b>21</b>
An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997	<b>22</b>
<b>Aguisíní</b>	
<b>Aguisín 1: Cásanna a Fuarthas in 2013</b>	<b>23</b>
<b>Aguisín 2: Cásanna a Cuireadh de Láimh in 2013</b>	<b>24</b>
<b>Aguisín 3: Stair agus Comhdhéanamh an Bhinse</b>	<b>25</b>
<b>Aguisín 4: Éisteachtaí agus Suíonna</b>	<b>27</b>
<b>Aguisín 5: Forbhreathnú ar an Reachtaíocht</b>	<b>28</b>
<b>Aguisín 6: Gluais Téarmaí</b>	<b>33</b>
<b>Aguisín 7: Forais Chomhairleacha agus Faisnéise</b>	<b>34</b>

# Réamhrá an Chathaoirligh

A Aire, a chara,

Tá áthas orm Tuarascáil Bhliantúil an Bhinse Achomhairc Fostaíochta don bhliain 2013 a chur faoi do bhráid, i gcomhréir le hAlt 39(18) de na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007.

Comhlacht neamhspleách cuasai-bhreithiúnach is ea an Binse. Déileálann sé le cearta fostaíochta an duine aonair amháin rud atá sainiúil i measc na gcomhlachtaí fostaíochta go léir. Tá dlínse ag an mBinse faoi roinnt Achtanna an Oireachtais agus faoi dhá ionstraim reachtúla chun déileáil le díospóidí maidir le cearta fostaíochta aonair a eascraíonn ar fhoirceannadh an chaidrimh fostaíochta nó i gcaitheamh na fostaíochta.

Éistear leis na díospóidí a eascraíonn as foirceannadh an chaidrimh fostaíochta faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, na hAchtanna Iomarcaíochta, na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta, na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí). Ina theannta sin, déantar gearáin go díreach leis an mBinse i leith chinneadh an Aire ar chearta fostaithe nuair a fógraíodh go raibh a bhfostóir dócmhainneach. Ar deireadh, is féidir éilimh maidir le teidlíochtaí saoire arb ann dóibh ag tráth fhoirceanta an chaidrimh fostaíochta a chur le haon éileamh, ghearán nó achomharc eile a thionscnaítear roimh an mBinse.

Toisc gur comhlacht é a dhéileálann le cásanna maidir le foirceannadh fostaíochta go príomha, amhail is léir, tá tionchar díreach á imirt ag an timpeallacht reatha gheilleagrach ar ualach oibre an Bhinse.

Bhí laghdú ar líon na gcásanna a atreoraíodh chuig an mBinse ó 5,623 in 2012 go dtí 4,168 in 2013, laghdú 26%. Táimid gar anois do leibhéal na gcásanna á n-atreorú roimh an gcúlú eacnamaíochta.

Agus é ag feidhmiú a dhlínse achomhairc, go ginearálta déileálann an Binse le díospóidí a tharlaíonn le linn caidrimh fostaíochta; d'fhéadfadh an Binse déileáil le hachomhairc faoin Acht Dhífhostú Éagórach más rud é gur bheartaigh páirtithe go n-éistfear lena gcás ag céadchéim ag Coimisinéir um Chearta ach tá sé seo neamhghnách. Is gné thar a bheith tarraingteach í dédhlínse an Bhinse faoin Acht um Dhífhostú Éagórach a thugann an rogha do pháirtithe go n-éistfear lena gcásanna go neamhfhoirmiúil agus go príobháideach le hachomharc leis an mBinse nó go n-éistfear leis ag céadchéim ag an mBinse ar bhealach níos poiblí agus níos foirmeálta. Is í an díospóid a bhíonn ann i gcásanna um Dhífhostú Éagórach an ceart is tabhachtaí d'fhostaithe agus is mian le go leor acu 'lá sa chúirt' a bheith acu.

Mar a tuaradh i mo Réamhrá sa Tuarascáil Bhliantúil 2012 tháinig laghdú ar líon na gcásanna a cuireadh de láimh in 2013. Chuir an Binse 5,304 cás de láimh in 2013. Is ionann sin agus laghdú 30% i gcomparáid le 2012 nuair a cuireadh 7,624 cás de láimh. An míniú air seo ná an laghdú mór ar ón líon na gcásanna iomarcaíochta agus líon na gcásanna um Fhógra Íosta lena n-éisteadh in 2013. Is féidir déileáil leis na cásanna seo le linn tréimhse giorra ach togánn sé idir lá amháin agus dhá lá (nó níos mó) éisteacht le cásanna um dhífhostú éagórach. Bhí laghdú 40% ar líon na gcásanna iomarcaíochta a cuireadh de láimh ó 2,383 in 2012 go dtí 1,425 in 2013, bhí laghdú den chineál

céanna (46%) ar líon na gcásanna maidir le Fógra Íosta a cuireadh de láimh. Is suntasach an rud é go raibh an líon cásanna um dhífhostú éagórach a cuireadh de láimh thar an tréimhse mar an gcéanna, geall leis, agus a bhí sé in 2012, difríocht 122 chás. Tá aeráid le sonrú arís maidir leis an mBinse nach bhfacthas ón am roimh an gcúlú eacnamaíochta nuair a thóg cásanna um Dhífhostú Éagórach 95% d'am na n-éisteachtaí.

Mar Chathaoirleach ar an mBinse Achomhairc Fostaíochta bhí mé i m'Uachtarán ar Chumann Eorpach Bhreithiúna na gCúirteanna Oibreachais (EALCJ) ó Mheitheamh 2013 go Meitheamh 2013. Reachtáladh ár gcomhdháil dar theideal 'Oibrithe neamhspleácha - saoirse nó daoirse' sa Bhruiséal i Meitheamh 2013. Is féidir teacht ar thuarascáil na comhdhála ar [www.ealcj.org](http://www.ealcj.org). Is ball den chomhlacht seo é an Binse le roinnt blianta anuas agus tá caidreamh maith buan anois ann mar aon le roinnt eolais idir comhlachtaí um chearta fostaíochta na dtíortha sin ar comhaltaí iad an Chumann.

Gabhaim buíochas leis an Aire agus leis an Roinn as obair an Bhinse a éascú trí acmhainní a chur ar fáil in 2013. Gabhaim buíochas leis na comhaltaí as a gcomhoibriú leanúnach agus a gcuid tiomantais d'obair an Bhinse. Ba mhaith liom rún buíochais a rith leis an mbeirt comhaltaí a d'éirigh as i gcaitheamh 2013 agus guím gach rath orthu sa todhcháí.

Ba mhaith liom fáilte a chur roimh Frances Gaynor, Uasal, an rúnaí nua leis an mBinse agus tá súil agam go mbainfidh sí taitneamh as an tréimhse a bheidh aici leis an mBinse. Gabhaim buíochas léi chomh maith as cabhrú leis an mBinse in 2013. Gabhaim buíochas leis na rúnaithe agus le baill foirne eile na Rúnaíochta as a gcuid tacaíochta leanúnaí agus a gcuid tiomantais d'obair an Bhinse.

Gabhaim buíochas ar leith le rúnaí an Bhinse atá ag dul as oifig, An tUasal Davi Small, a chuir go mór leis an mBinse. Is mór ár meas ar a thacaíocht. Guímid gach rath ar Dave ina phost nua.

Déanann an Binse comhbhrón le bean chéile agus muintir an Uasail Gerry Whyte, nach maireann, comhalta dil agus comhalta tiomanta don Bhinse, a cailleadh le linn 2013. Ba chomhalta é Gerry a bhí ag obair leis an mBinse le fada an lá agus a bhí proifisiúnta i gcónaí. Rinne sé a chuid dualgais a chomhlíonadh go dílis. Ar dheis Dé go raibh a anam.

Is mise, le meas,



Kate T O'Mahony  
Cathaoirleach

## Comhaltaí an Bhinse

<b>Cathaoirleach</b>	Leachlain S Ó Catháin	Aidan O'Mara	Alice Moore
Kate T O'Mahony B.L.	Jeremiah O'Connor	James O'Neill	Joe Maher
<b>Leas-Chathaoirligh</b>	Peter J O'Leary B.L.	Tadhg O'Sullivan	Mary Maher
Sinead Behan B.L.	Moya Quinlan	Neil Ormond	Dominic McEvoy
Kieran Buckley	Joe Revington S.C.	Dermot Peakin	Jim Moore
Pamela Clancy	Nicholas Russell	Pat Pierce	Maire Mulcahy
Charles Corcoran B.L.	Tom Ryan	Peter J Pierson	Helen Murphy
Eithne Coughlan (CC)	Jeremiah Sheedy	William Power	Phil Ní Sheaghda
Ann-Marie Courell B.L.	Joseph Smith (CC)	Robert D E Prole	Owen Nulty
Fiona Crawford B.L.	Tony Taaffe	John Reid	Seamus O'Donnell
Emile Daly B.L.	Patrick Wallace (CC)	Máire Sweeney	Michael O'Reilly
Dorothy Donovan B.L.	<b>Painéal na bhFostóirí</b>	Liam Tobin	Ciaran Ryan
Catherine Egan B.L.	Gerry Andrews	Declan F Winston	Dave Thomas
John Fahy B.L.	Joe Browne	Jean Winters	Paddy Trehy
James Flanagan B.L.	Michael Carr	<b>Painéal na bhFostaithe</b>	Owen Wills
Veronica Gates B.L.	Pat Casey	Frank Barry	Paddy Woods
Myles Gilvarry	Frank Cunneen	Tom Brady	
Bernadette Glynn	Moss Flood	Eveta Brezina	
Dara Hayes B.L.	Angela Gaule	Al Butler	<b>Rúnaí leis an mBhinse</b>
Graham Hanlon	Tom L Gill	Finbarr Dorgan	Frances Gaynor
Eamon Harrington	James Goulding	James Dorney	
David Herlihy	Eamon C Handley	Noel Dowling	
Patrick Hurley	Don Hegarty	Patsy Doyle	
Elva Kearney B.L.	James Hennessy	John Flannery	
Margaret Levey B.L.	John Horan	John Flavin	
James M Lucey	Ben Kealy	Tom J Gill	
Dermot MacCarthy S.C.	J J Killian	Noirin Greene	
Orna Madden B.L.	Con Lucey	Helen Henry	
Roderick Maguire B.L.	Gerry McAuliffe	Thomas A Hogan	
Sean Mahon	Cyril McHugh	James Jordan	
Mary McAveety	Finbar Moloney	Hilary Kelleher	
Jeananne McGovern B.L.	Don Moore	Suzanne Kelly	
Penelope McGrath B.L.	Desmond Morrison	Tony Kelly	
Sandra McNally	Roger F Murphy	Frank Keoghan	
Fintan J Murphy (CC)	Michael Noone	Rosabel Kerrigan	
Eamonn Murray	William O'Carroll	Sean Mackell	
Niamh O'Carroll Kelly B.L	Tom O'Grady	Michael McGarry	

Tagraíonn (CC) do Chláraitheoirí Contae

D'éirigh an tUasal Patrick Meaghan agus an tUasal Michael J Murphy as le linn 2013 agus cailleadh an tUasal Gerry Whyte



## Nuacht an Bhinse 2013

In 2013 Fuair an Binse Achomhairc Fostaíochta **4,168** Cás

Cuireadh **5,304** cás de láimh

Bhí **1,352** suí ar bun

### Comparáid le 2012

Catagóir	2012	2013
Cásanna a Atreoraíodh	5,623	4,168
Cásanna a Cuireadh de Láimh	7,624	5,304
Suíonna	1,554	1,352

# Forbhreathnú ar Obair an Bhinse in 2013

## Cásanna a Atreoraíodh

2012	2013	Difríocht
5,623	4,168	1,455 (-25.88%)

Bhí laghdú 26% ar líon na gcásanna a fuarthas in 2013 i gcomparáid le 2012. Tá an treocht sheasmhach síos le sonrú le trí bliana anuas.

Tá laghdú ar líon na n-achomharc i gcoinne mholtaí na gCoimisinéirí um Chearta chomh maith. Bhí an líon a fuarthas in 2013 (845) 37.36% ní ba ísle ná an figiúr in 2012 (1,349) agus 13.60% ní ba ísle ná an líon a fuarthas in 2011 (978).

Ba iad na trí chatagóir cásanna ba mhó a atreoraíodh ná

- |  |        |
|--|--------|
| (1) Dífhostú Éagórach (DÉ)                 | 37.86% |
| (2) Íocaíochtaí Iomarcaíochta (ÍI)         | 23.70% |
| (3) Fógra Íosta & Téarmaí Fostaíochta (FÍ) | 16.82% |

### Próifíl na gCásanna a Atreoraíodh

Reachtaíocht		% Miondealú atreoraithe in 2012	2013	2012
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967-2007	ÍI	23.70%	988	1,239
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973-2005	FÍ	16.82%	701	929
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2007	DÉ	37.86%	1,578	1,742
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984-2004	D	0.22%	9	108
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	AO	4.56%	190	386
Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004	M	0.10%	4	11
An tAcht um Íoc Pá, 1991	IP	10.39%	433	811
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta, 1994 agus 2001	TF	4.63%	193	295
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006	ST	0	0	2
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003	AG	1.51%	63	72
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000	CF	0.22%	9	28
<b>IOMLÁN</b>		<b>100%</b>	<b>4,168</b>	<b>5,623</b>



## Cásanna a Cuireadh de Láimh

2012	2013	Difríocht
7,624	5,304	-2,320 (-30.43%)

Bhí laghdú ar líon na gcásanna a cuireadh de láimh ó 7,624 in 2012 go dtí 5,304 in 2013, b'ionann sin agus laghdú 2,320 (30.43%).

Féadtar laghdú nó méadú ar líon na gcásanna a chuirtear de láimh a bheith ann mar thoradh ar athruithe, na cineálacha cásanna lena n-éistear go príomha. Mar thoradh ar athchóiriú cásanna a rinne an Binse le roinnt blianta anuas, is iad cásanna um Dhífhostú Éagórach tromlach na gcásanna atá ag fanacht ar éisteacht a fháil. Féadann na cásanna seo a bheith níos casta agus níos faide, rud a chiallaíonn go gcaitear níos mó ama ar líon níos lú cásanna, as a dtagann an laghdú ar an líon cásanna a chuirtear de láimh.

An chatagóir ba mhó d'éilimh a cuireadh de láimh in 2013 ná éilimh um Dhífhostú Éagórach (31%), agus ina dhiaidh sin bhí Íocaíochtaí Iomarcaíochta (27%) agus Fógra Íosta (21%). Is léiriú é seo ar na trí chatagóir cásanna ba mhó a atreoraíodh chuig an mBinse.

### Próifíl na gcásanna a cuireadh de láimh

Reachtaíocht		% Miondealú na gcásanna a cuireadh de láimh in 2013	2013	2012
Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967-2007	ÍI	26.86%	1,425	2,393
Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973-2005	FÍ	20.75%	1,101	2,046
Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977-2007	DÉ	31.47%	1,669	1,791
Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984-2004	D	.47%	25	10
An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997	AO	8.94%	474	740
Cosaint Mháithreachais Acts 1994 agus 2004	M	.19%	10	5
An tAcht um Íoc Pá, 1991	ÍP	7.47%	396	407
Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta, 1994 agus 2001	TF	3.81%	202	229
Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006	ST	.04%	2	3
<b>IOMLÁN</b>		<b>100%</b>	<b>5,304</b>	<b>7,624</b>

# Cásanna a Atreoraíodh agus a Cuireadh de Láimh in 2013

## Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007


Líon na gCásanna a Atreoraíodh	Ceadaithe	Curtha de Láimh	Aistarraingthe le linn na hÉisteachta	Aistarraingthe Roimh an Éisteacht	Iomlán na gCásanna Curtha de Láimh
988	559	275	128	463	1,425

Don dara bliain as a chéile, léirígh figiúirí 2013 go raibh laghdú ar líon na gcásanna iomarcaíochta a atreoraíodh - 988 cás i gcomparáid le 1,239 in 2012.

Rinne an Binse éisteacht cásanna iomarcaíochta a shruthú i limistéir ardéilimh as a stuaim féin le roinnt blianta anuas. I gcaitheamh 2013, lean an Binse leis an sruthú seo ar chásanna iomarcaíochta. Mar sin féin, bhí laghdú ar líon na gcásanna a cuireadh de láimh go dtí 1,425 in 2013 ó 2,393 in 2012.

Seo mar thoradh ar an treocht sheasmhach síos i líon na gcásanna iomarcaíochta atá á n-atreorú chuig an mBinse agus líon na gcásanna casta agus conspóideacha atá ag ardú.

## Cásanna Iomarcaíochta a Atreoraíodh agus a Cuireadh de Láimh ó 2007 go 2013



## Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005

Líon na Cásanna a Atreoraíodh	Ceadaithe	Curtha de Láimh	Aistarraingthe le linn na hÉisteachta	Aistarraingthe Roimh an Éisteacht	Iomlán na gCásanna Curtha de Láimh
701	343	21	173	372	1,101

Laghdaigh líon na gcásanna a cuireadh de láimh agus a atreoraíodh faoi na hAchtanna um Fhógra Íosta agus um Théarmaí Fostaíochta in 2013 gcomparáid leis na bhfigiúirí in 2012. Tháinig laghdú 25% ar líon na gcásanna a atreoraíodh agus laghdú 46% ar líon na gcásanna a cuireadh de láimh.

## Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007

Chuir an Binse 1,669 cás um Dhífhostú Éagórach de láimh i gcaitheamh 2013. Is ionann seo agus méadú 6.81% ar an mbliain 2012 (1,791).

B'ionann iomlán na Líon gCásanna a atreoraíodh in 2013 agus 1,578. B'ionann an céatadán de chásanna DÉ chéad ásc a fuarthas agus 83%, b'achomhairc 13% díobh agus b'fheidhmithe 4% díobh. Tá na céatadáin seo mar an gcéanna agus a bhí siad in 2012.

Iomlán na gCásanna Atreoraithe	Iomlán na gCásanna Curtha de Láimh
1,578	1,669

### An Chéad Ásc

Líon na gCásanna a atreoraíodh	Ceadaithe	Curtha de Láimh	Aistarraingthe le linn na hÉisteachta	Aistarraingthe roimh an Éisteacht	Iomlán Curtha de Láimh
1,315	259	309	258	563	1,389

### Achomhairc

Líon na gCásanna a atreoraíodh	Seasadh leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán Curtha de Láimh
203	70	36	20	104	230

### Feidhmithe

Líon na gCásanna a atreoraíodh	Seasadh leo	Aistarraingthe	Iomlán Curtha de Láimh
60	41	9	50

Bhronn an Binse cúiteamh arbh ionann é agus €5,072,741.03 in 304 cás DÉ. Ba é an meánchúiteamh a bhronn an Binse ná €16,686.65. Anuas ar chúiteamh, ordaíodh aischur in 2 cás agus athfhostú in 10 cás.

### **Próifíl na nDámhachtainí um Dhífhostú Éagórach in 2013**

<b>Dámhachtain Cúitimh €</b>	<b>Líon</b>	<b>Dámhachtain Cúitimh €</b>	<b>Líon</b>
0	4	5001-6000	16
1-250	3	6001-7000	8
251-500	1	7001-8000	12
501-750	5	8001-9000	11
751-1000	5	9001-10000	28
1001-2000	19	10001-15000	35
2001-3000	18	15001-20000	26
3001-4000	10	20001-25000	18
4001-5000	21	>25001	64

### **Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2004**

<b>Líon na Cásanna a Atreoraíodh</b>	<b>Ceadaithe</b>	<b>Curtha de Láimh</b>	<b>Aistarraingthe Roimh ré</b>	<b>Iomlán na gCásanna Curtha de Láimh</b>
9	12	7	6	25

Baineann iad seo le líon na n-achomharc i gcoinne chinneadh an Aire Coimirce Sóisialaí. Seo limistéar ina raibh méaduithe leanúnacha le sonrú ó 2010 ar an líon cásanna a cuireadh faoi bhráid an Bhinse .i. 5 cinn in 2010; 48 gcinn in 2011 agus 108 gcinn in 2012. I mbliana, áfach, laghdaigh líon na gcásanna a atreoraíodh go leibhéal gar don fhiigiúr in 2010 le 9 gcás atreoraithe. D'ardaigh líon na gcásanna a cuireadh de láimh ó 10 in 2012 go dtí 25 in 2013, is ionann sin agus méadú 150%.

### An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997

Líon na Cásanna a Atreoraíodh	Ceadaithe	Curtha de Láimh	Aistarraingthe le linn na hÉisteachta	Aistarraingthe roimh an Éisteacht	Iomlán na gCásanna Curtha de Láimh
190	67	123	126	158	474

Ní féidir cásanna i ndáil leis an Acht um Eagrú Ama Oibre a thabhairt a fhad leis an mBinse ach i gcomhar le cásanna faoi Achtanna eile. Ní dhéileálann an Binse ach le cásanna saoire faoin Acht. Tháinig laghdú ar líon na gcásanna a atreoraíodh go dtí 190 in 2013 ó 386 in 2012. Thar an tréimhse chéanna, tháinig laghdú ar an líon cásanna a cuireadh de láimh ag an mBinse ó 740 go dtí 474.

### Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004

Líon na gCásanna a Atreoraíodh	Seasadh leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán Curtha de Láimh
4	1	0	2	7	10

Bhí laghdú ar líon na nAchomharc a fuarthas faoi na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais ó 11 in 2012 go dtí 4 in 2013 agus bhí meadú ar líon na gcásanna a cuireadh de láimh ó 5 in 2012 go dtí 10 in 2013.

### An tAcht um Íoc Pá, 1991

Líon na gCásanna a Atreoraíodh	Seasadh leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán na gCásanna Curtha de Láimh
433	114	100	8	174	396

Tháinig laghdú ar an líon cásanna a atreoraíodh chuig an mBinse faoin Acht um Íoc Pá ó 811 in 2012 go dtí 433 in 2013. Cuireann an laghdú seo stop le treocht sheasmhach suas a léirigh gur ardaigh líon na n-achomharc den chineál sin ó 316 in 2010 go dtí 811 in 2012.

Tháinig laghdú ar líon na gcásanna um íoc pá a cuireadh de láimh ag an mBinse ó 407 in 2012 go dtí 396 in 2013.

## Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001

	Líon na Cásanna a Atreoraíodh	Seasadh leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán na gCásanna Curtha de Láimh
Achomharc	133	55	10	12	71	148
Feidhmiú	60	37	0	0	17	54

Tháinig laghdú ar an líon cásanna a atreoraíodh faoin reachtaíocht seo ó 295 in 2012 go dtí 193 in 2013. Tháinig laghdú ar an líon cásanna a cuireadh de láimh ag an mBinse chomh maith ó 229 in 2012 go dtí 202 in 2013.

## Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006

	Líon na Cásanna a Atreoraíodh	Seasadh leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán Curtha de Láimh
Achomharc	0	1	0	0	1	2

Cuireadh dhá chás de láimh faoin reachtaíocht seo in 2013.

## Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000

Líon na Cásanna a Atreoraíodh	Seasadh leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán Curtha de Láimh
9	0	0	0	0	0

Fuarthas 9 n-achomharc faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000 in 2013 i gcomparáid le 28 in 2012.

## Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003

Líon na Cásanna a Atreoraíodh	Seasadh leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán na gCásanna Curtha de Láimh
63	0	0	0	0	0

Fuarthas 63 achomharc faoi rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas) in 2013 i gcomparáid le 72 in 2012.

### Liosta na nAchtanna nár atreoraíodh ná nár chuireadh aon chásanna de láimh fúthu.

- Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005
- An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996
- An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001
- Na hAchtanna Iomaíochta, 2002-2010
- An tAcht Ceimiceán 2008 agus 2010
- An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanaí, 1998
- An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007

## Ionadaíocht ag Éisteachtaí


Féadfaidh páirtí in iarratas bheith i láthair agus eisteacht a fháil, nó féadfaidh abhcóide nó aturnaí nó ionadaí ó cheardchumann nó ó chumann fostóirí ionadaíocht a dhéanamh ar a son, agus le cead ón mBinse, féadfaidh aon duine eile ionadaíocht a dhéanamh ar a son. Níl aon cheanglas ann maidir le hionadaíocht d'fhonn teacht os comhair an Bhinse.

Seo a leanas sonraí faoi ionadaíocht faoi na hAchtanna éagsúla nó faoin teaghlaim Achtanna in 2013:

In 2013, bhí ionadaíocht ag 1,801 **fostaí** ag éisteachtaí os comhair an Bhinse. Astu seo, rinne Ceardchumann ionadaíocht in 316 cás, rinne ionadaithe dlíthiúla ionadaíocht in 1,228 cás agus rinne daoine eile ionadaíocht in 257 cás. Sa tréimhse seo, bhí ionadaíocht ag **fostóirí** in 1,125 cás. Astu seo, rinne ionadaithe dlíthiúla ionadaíocht i 647 cás agus rinne daoine eile ionadaíocht in 401 cás agus rinne cumainn fostóirí ionadaíocht i 77 cás.


Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil an líon is airde ionadaíochta le sonrú i gcásanna um dhífhostú éagórach. In 2013, bhí ionadaíocht ag 892 páirtí fostaithe (129 ag ceardchumann, 697 ag ionadaithe dlíthiúla agus 66 ag daoine eile) agus bhí ionadaíocht ag 803 páirtí fostóirí (58 ag cumainn fhostaíochta, 477 ag ionadaithe dlíthiúla agus 268 ag daoine eile).

### Ionadaíocht faoi na hAchtanna go léir in 2013






### Ionadaíocht faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach in 2013



### Ionadaíocht faoi na hAchtanna gan DÉ a chur san áireamh in 2013



# Gníomhaíochtaí Eile

## Próiseas athchóirithe um Chaidreamh san Ionad Oibre

Chuir an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, Richard Bruton, T.D., tús le mórchlár d'athchóiriú chomhlachtaí caidrimh ionad oibre an Stáit. Soláthróidh an t-athchóiriú seo córas nua-aimseartha den scoth agus caidrimh ionad oibre atá furasta le húsáid agus a chuirfidh sochair shuntasacha ar fáil dá n-úsáideoirí agus don tsochaí trí chéile. Cuirfidh an t-athchóiriú seo go mór le rialú níos fearr gnó, caidreamh fostaithe agus le hathchóiriú na seirbhíse poiblí. Cuirfidh sé feabhas mór ar an tseirbhís le haghaidh úsáideoirí agus sábhálfaidh sé airgead ar an gcáiníocóir.

Tá méid suntasach oibre curtha i gcrích ar ullmhúchán na reachtaíochta a thabharfaidh éifeacht reachtúil do na struchtúir nua agus na próisis ghaolmhara. Foilsíodh an Bille um Chaidreamh san Ionad Oibre an 28 Iúil 2014 d'fhonn go mbeidh na struchtúir nua in áit roimh dheireadh 2014.

Déanfaidh an reachtaíocht socrú chun seirbhísí de chuid an Bhinse Chomhionannais, an Údaráis Náisiúnta Cearta Fostaíochta (NERA), an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais agus an Bhinse Achomhairc Fostaíochta (feidhmeanna chéad ásc amháin) teacht le chéile faoi réimse freagrachta an Choimisiúin nua um Chaidreamh Ionad Oibre (WRC). Cónaiscfear feidhmeanna acomhairc an Bhinse i gCúirt Oibreachais athchóirithe.

Tá cur chun cinn suntasach bainte amach go nuige seo, roimh an reachtaíocht chumasúcháin, a mhéid a bhaineann leis na hathruithe teicneolaíochta, riaracháin, struchtúracha, foirne atá riachtanach d'fhonn tacú leis an gClár um Athchóiriú ar Chaidreamh san Ionad Oibre, lena n-áirítear na bearta seo a leanas atá curtha i bhfeidhm cheana féin; aistriú an Bhinse Comhionannais sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta mar réamhtheachtaí ar a chumasc leis an WRC nua; Tairseach Teagmhála Amháin; áis chun gearáin a dhéanamh ar líne; Plean um Fhoireann agus Struchtúir; láithreán gréasáin nua do Chaidreamh san Ionad Oibre; Seirbhís Réitigh Luaith; oiliúint do Mholtóirí agus pleananna maidir le hearcaíocht agus teicneolaíochtaí agus próisis feabhsaithe lena n-áirítear foilsiú larraidh ar Thairiscint le haghaidh réitigh ar bhainistíocht caidreamh custaiméirí.

Le linn 2013, d'oibrigh an Binse go dlúth leis an Roinn agus comhlachtaí eile um Chaidreamh san Ionad Oibre d'fhonn clár um athchóiriú an Aire a chur chun cinn.

## **Atráth agus Ateangairí**

Leagtar síos cásanna le haghaidh éisteachta agus tugtar fógra do na páirtithe maidir le dátaí, idir cúig agus sé seachtaine, ar an meán, roimh ré. Ní féidir atráth a cheadú ach faoi chúinsí eisceachtúla. Sa chás go lorgaítear atráth láithreach, nó laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra na héisteachta a fháil agus tar éis toiliú an pháirtí don chás eile a fháil, féadtar é a cheadú. Sa chás go lorgaítear atráth níos déanaí agus/nó gan toiliú an pháirtí eile, ní dócha go ndeonaítear é. Mar thoradh ar an gcóras um leagan síos seo, arna dhearadh go príomha ar mhaithe le caoithiúlacht na bpáirtithe, bíonn roinnt iarratas ar atráth dosheachanta, agus ní bhíonn aon smacht ag an mBinse orthu seo. I gcás atráthanna a chuirtear i bhfeidhm ar dháta róchóngarach do dháta na héisteachta agus sa chás go gceadaítear iad, bíonn cailteanas am suite sceidealaithe an Bhinse mar thoradh orthu. Imríonn an cailteanas seo ama drochthionchar ar an gcóras um leagan síos, méadaíonn sé costais, agus eascraíonn breis moilleanna as idir dáta atreoraithe éilimh agus dáta na héisteachta le haghaidh gach éilitheora.

In 2013, b'ionann an líon iarratas ar atráth agus 480, agus rinneadh 122 díobh a cheadú agus 358 díobh a dhiúltú. D'eascair cailteanas 58 lá suite as seo. Tá sé seo i gcomparáid le 516 iarratas ar atráth le linn 2012 lena n-áirítear 248 a deonaíodh agus 268 a diúltaíodh. D'eascair 44.5 lá suite cailte as seo.

Anuas ar an méid thuas, déanann an Binse, sa chás go ndeimhnítear gur gá, seirbhís ateangaireachta a éascú chomh maith. Is gá iarratais ar ateangaire a dhéanamh le rannóg suite an Bhinse roimh dháta na héisteachta. Rinneadh iarratais éagsúla ar ateangaireacht i gcaitheamh 2013, lena n-áirítear an Pholainnis, an Rúisis agus an Liotuáinis.

Cheadaigh an Binse 208 iarratas chun ateangairí a bheith i láthair ag éisteachtaí le linn 2013, i gcomparáid le 255 iarratas le linn 2012.

## **Inrochtaineacht**

Glacfaidh an Binse, ar iarratas, gach céim is indéanta chun áiseanna speisialta a sholáthar do dhuine, atá faoi mhíchumas agus/nó a bhfuil riachtanais speisialta acu. Anuas air sin, iarrtar ar pháirtithe an Bhinse a chur ar an eolas roimh an éisteacht maidir lena gcuid riachtanas.

Cheadaigh an Binse 5 iarratas ar áiseanna theanga na comharthaíochta ag éisteachtaí in 2013 i gcomparáid le 2 iarratas in 2012.

## **Achomhairc le Cúirteanna níos Uachtaraí**

Féadtar cinntiúcháin an Bhinse, faoi roinnt Achtanna, a achomharc ar phointe dlí leis an Ard-Chúirt. In 2013, tugadh fógra don Bhinse maidir le 5 chás Ard-Chúirte, ina measc bhí Athbhreithnithe Breithiúnacha agus cásanna ar phointe dlí, bhí siad ina bpáirtí ainmnithe maidir leis seo.

Féadtar cinntiúcháin a dhéanann an Binse i gcásanna faoi na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach a achomharc leis an gCúirt Chuarda laistigh de shé seachtaine ón dáta a chuirtear na Cinntiúcháin in iúl do na páirtithe. Leagtar amach an nós imeachta chun Cinntiúcháin Bhinse a achomharc i Rialacha na Cúirte Cuarda ([www.courts.ie](http://www.courts.ie)). Chomh maith leis sin, cuireann na rialacháin modh ar fáil don Bhinse bheith coimeáda ar an eolas faoi atreorú agus toradh na gcásanna a rinneadh a achomharc leis an gCúirt Chuarda. Leis an eolas a tugadh, rinneadh thart ar 175 cás (idir achomhairc agus fhorfheidhmithe) a achomharc leis an gCúirt Chuarda.

## **Cumann Eorpach Bhreithiúna na gCúirteanna Oibreachais**

Tá an Binse mar bhall de Chumann Eorpach Bhreithiúna na gCúirteanna Oibreachais. Cuireann an comhlacht seo an fóram ar fáil chun cur leis an gcaidreamh oibre atá ann cheana féin idir eagraíochtaí um chearta fostaíochta san Eoraip. Forbraíonn siad tuiscint níos fearr, chomh maith, ar na cearta reachtúla fostaíochta arna mbronnadh ar oibrithe san Eoraip agus na córais éagsúla atá ann chun na cearta sin a chosaint. In 2012, ceapadh an Cathaoirleach leis an mBinse, an tUasal Kate O'Mahony ina Cathaoirleach le Cumann Eorpach Bhreithiúna na gCúirteanna Oibreachais ar feadh tréimhse 12 mí. Ghlac beirt ionadaithe ón mBinse páirt i gcomhdháil arna comhordú ag an gCumann maidir le "Fostaithe Neamhspleácha - saoirse nó daoirse" i Meitheamh 2013 sa Bhruiséil. Cuimsíodh ról dlíthiúil na n-oibrithe neamhspleácha agus ról an stáit agus na breithiúna i leith oibrithe neamhspleácha. Mar gheall ar an méid Treoracha Fostaíochta agus Dlí den AE, cinntíonn ionadaíocht ag na cruinnithe seo go gcoimeádann baill chun tosaigh ar na forbairtí atá á ndéanamh ar an dlí ar leibhéal na hEorpa.

## **Freastal ar Éisteachtaí an BAF**

Bíonn éisteachtaí an Bhinse ar siúl go poiblí, de réir na reachtaíochta. In aon seachtain amháin, d'fhéadfadh daoine a bhfuil a gcásanna ar feitheamh freastal ar éisteachtaí an Bhinse d'fhonn nósanna imeachta na héisteachta a fheiceáil roimh a n-éisteacht féin, d'fhéadfadh grúpaí eile freastal orthu chomh maith: muintir an phobail ar díol spéise ginearálta dóibh cearta fostaíochta, grúpaí na hearnála deonaí, go háirithe grúpaí ó Ionaid um Fhaisnéis do Shaoránaigh, agus grúpaí pobail dlí.

Faigheann an Binse iarratais chun freastal ar éisteachtaí ó mhic léinn tríú leibhéal agus ó iarchéimithe. Bíonn na hiarratais seo dírithe i gcoitinne ar an reachtaíocht um chearta fostaíochta agus ar ról an Bhinse. D'fhonn grúpaí a éascú, is fearr teagmháil a dhéanamh le rúnaíocht an Bhinse roimh ré lena chinntiú gur féidir leo freastal ort.

### **Cartlannú Comhad**

Comhlacht sceidealaithe is ea an Binse Achomhairc Fostaíochta faoin Acht um Chartlann Náisiúnta, 1986. Go ginearálta, is gá taifid atá breis agus 30 bliain d'aois, atá á gcoimeád ag comhlachtaí sceidealaithe, a aistriú chuig an gCartlann Náisiúnta agus iad a chur ar fáil lena n-íniúchadh ag an bpobal. Bíonn gach cumhacht atá ag cathaoirleach ag leas-chathaoirleach an Bhinse, nuair a ghníomhaíonn sé/sí mar chathaoirleach ar iarratas an Aire nó an Chathaoirligh). D'ordaigh Cathaoirleach an Bhinse Achomhairc Fostaíochta gur féidir comhaid cháis a cuireadh i gcrích 12 bhliain ó shin nó ní ba luaithe, a mhilleadh gach bliain.

### **Seirbhís agus Cairt Chustaiméirí**

Tá an Binse tiomanta do sheirbhís ardchaighdeáin chustaiméirí a sholáthar, agus chun seirbhís a sholáthar, agus aird a thabhairt ar na hacmhainní atá ar fáil, atá éifeachtach agus éifeachtúil, agus a chuirtear ar fáil ag gach tráth ar bhealach cúirtéiseach. Bíonn meas ag an mBinse ar chearta gach páirtithe i gcás. Tá cóip dár gCairt um Sheirbhís do Chustaiméirí ar fáil ar iarratas. Cuirtear fáilte roimh aiseolas maidir lenár seirbhís agus is féidir é a sheoladh cuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta, Teach Davitt, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2, ríomhphost: [eat@djei.ie](mailto:eat@djei.ie), guthán: (01) 6313006 nó faics: (01) 6313266.

Tá cur síos ar na seirbhísí a sholáthraíonn an Binse agus soláthraítear an chaoi ar féidir teacht orthu, na sonraí teagmhála, na foilseacháin ábhartha agus na ceisteanna coitianta ar ár láithreán gréasáin [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie). Tá leabhrán eolais ar fáil ar an láithreán gréasáin thuas.

Tá Clár Cinntí agus Cinntiúchán á choimeád ag an mBinse de réir na reachtaíochta. Tá an Clár ar fáil lena iniúchadh, saor in aisce, ag muintir an phobail le linn gnáthuaireanta gnó ag Oifig na Rúnaíochta, an Binse Achomhairc Fostaíochta, Teach Davitt, 65A Bóthar Adelaide, Baile Átha Cliath 2. Tá cinntiúcháin ar fáil chomh maith ar an láithreán gréasáin [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie).

### **An tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997**

Ní bhaineann an tAcht um Shaoráil Faisnéise, 1997 (arna leasú) leis an mBinse faoi láthair. Moltar síneadh na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise chuig oibriú an Bhinse, áfach, mar aon le Comhlachtaí eile atá lasmuigh dá scóip faoi láthair, sa Bhillle um Shaoráil Faisnéise.

## Aguisín 1: Cásanna a Fuarthas in 2013

	An Chéad Ásc	Achomhairc		Feidhmiú	Iomlán
		Fostaithe	Fostóirí		
<b>Iomarcaíocht</b>	<b>988</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>988</b>
<b>Fógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta</b>	<b>701</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>701</b>
<b>Dífhostú Éagórach</b>	<b>1,315</b>	<b>150</b>	<b>53</b>	<b>60</b>	<b>1,578</b>
<b>Cosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí)</b>	<b>9</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>9</b>
<b>Eagrú Am Oibre</b>	<b>190</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>190</b>
<b>Cosaint Mháithreachais</b>	<b>0</b>	<b>3</b>	<b>1</b>	<b>0</b>	<b>4</b>
<b>Íocaíocht Pá</b>	<b>0</b>	<b>159</b>	<b>274</b>	<b>0</b>	<b>433</b>
<b>Téarmaí Fostaíochta (Faisnéis)</b>	<b>0</b>	<b>61</b>	<b>72</b>	<b>60</b>	<b>193</b>
<b>Na Comhphobail Eorpacha (Aistriú Gnóthas)</b>	<b>0</b>	<b>31</b>	<b>32</b>	<b>0</b>	<b>63</b>
<b>Na Comhphobail Eorpacha Cosaint Fhostaíochta</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>9</b>	<b>0</b>	<b>9</b>
<b>IOMLÁN</b>	<b>3,203</b>	<b>404</b>	<b>441</b>	<b>120</b>	<b>4,168</b>

## Aguisín 2: Cásanna a Cuireadh de Láimh in 2013

Chuir an Binse 5,304 cás de láimh i rith 2013. Is ionann sin agus laghdú 30% i gcomparáid le cásanna a cuireadh de láimh in 2012. Is léiriú ar an gcineál cháis a bhíonn á bpróisiú ag an BAF é líon na gcásanna a chuirtear de láimh.

### An Chéad Ásc

	Ceadaithe	Curtha de Láimh	Aistarraingthe le linn na hÉisteachta	Aistarraingthe roimh an Éisteacht	Iomlán
Iomarcaíocht	559	275	128	463	1,425
Fógra Iosta agus Téarmaí Fostaíochta	343	213	173	372	1,101
Dífhostú Éagórach	259	309	258	563	1,389
Cosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí)	12	7	0	6	25
Eagrú Am Oibre	67	123	126	158	474
<b>IOMLÁN</b>	<b>1,240</b>	<b>927</b>	<b>685</b>	<b>1,562</b>	<b>4,414</b>

### Achomhairc

	Seasadh leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán
Dífhostú Éagórach	70	36	20	104	230
Cosaint Mháithreachais	1	0	2	7	10
Iocaíocht Pá	114	100	8	174	396
Téarmaí Fostaíochta (Faisnéis)	55	10	12	71	148
Saoire do Thuismitheoirí	1	0	0	1	2
<b>IOMLÁN</b>	<b>241</b>	<b>146</b>	<b>42</b>	<b>357</b>	<b>786</b>

#### *Miondealú ar Achomhairc bunaithe ar chásanna ar chuir Fostaithe nó Fostóirí tús leo*

	Seasadh Leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán
Fostaithe	148	61	18	180	407
Fostóirí	93	85	24	177	379
<b>IOMLÁN</b>	<b>241</b>	<b>146</b>	<b>42</b>	<b>357</b>	<b>786</b>

### Feidhmithe

	Seasadh leo	Cealaithe	Athraithe	Aistarraingthe	Iomlán
Dífhostú Éagórach	41	0	0	9	50
Téarmaí Fostaíochta (Faisnéis)	37	0	0	17	54
<b>IOMLÁN</b>	<b>78</b>	<b>0</b>	<b>0</b>	<b>26</b>	<b>104</b>



## Aguisín 3: Stair agus Comhdhéanamh an Bhinse

Achtaíodh an tAcht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967, faoinar bunaíodh an Binse Iomarcaíochta Fostaíochta, an 18 Nollaig 1967. Mheas an Stát gur céim nuálaíoch ab ea bunú an Bhinse, i limistéar na gceart fostaíochta. Bunaíodh iad lena chinntiú go dtabharfaí feidhm do theidlíocht reachtúil an fhostaí chun iomarcaíocht a fháil, chomh maith le cosaint iomlán an dlí a thabhairt don fhostaí. Ar an ábhar sin, bhunaigh an tAcht fóram trína bhféadfadh ‘an gnáthdhuine’ cás a atreorú chun go ndéanfaí na cearta sin a chosaint. Seachas a bhfreagracht leanúnach chun éisteacht le hachomhairc faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, inniu, faoina dteideal leasaithe, déileálann an Binse Achomhairc Fostaíochta anois le cásanna faoi ocht gcinn déag de phíosáí reachtaíochta. Cuimsíonn iad seo cásanna idir dhífhostú éagórach agus fhógra íosta, mar aon le héisteacht le hachomhairc ó chinntí agus moltaí Sheirbhís an Choimisinéara um Chearta an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais.

Reáchtáladh an chéad chruinniú tionscnaimh den Binse Achomhairc Iomarcaíochta an 22 Márta 1968, faoi chaomhnóireacht agus faoi chosaint na chéad sé Chomhalta dhéag a ceapadh leis an mBinse. Stiúir an chéad Chathaoirleach, an tUasal John Gleeson, an Binse. Bhí an chéad achomharc ag an mBinse an 18 Aibreán 1968. Idir an dáta sin agus an 31 Nollaig 1968, Shuigh an Binse seachtó a cúig lá agus éisteadh le céad is a tríocha a trí achomharc. Éisteadh le hochtó a trí (83) de na hachomhairc sin i mBaile Átha Cliath agus éisteadh leis na caoga (50) achomharc eile ag ionaid éagsúla eile fud fad na tíre. Ó thosach báire, ba léir go mbeadh toise ag an mBinse a shínfeadh fud fad na tíre, agus mar sin, go mbeadh toise náisiúnta ag obair an Bhinse. Breis agus daichead bliain níos déanaí, leanann an Binse Achomhairc Fostaíochta leis an obair ar chuir an Binse tús léi. Go deimhin féin, in ionad a mboinn luath de sheisear comhaltaí dhéag (16), in 2011, tá anois céad agus tríocha a haon (131) comhalta mar chuid den Binse.

### ➤ **Comhdhéanamh 2013 an Bhinse**

Ag tús na bliana 2013, is éard a bhí sa Binse ná Cathaoirleach, daichead a hocht Leas-Chathaoirleach, daichead a haon ainmní ó Chomhdháil na gCeardchumann agus daichead a haon ionadaí ó eagraíochtaí a bhí ag déanamh ionadaíochta ar son fostóirí. I gcaitheamh 2013, d'éirigh leas-chathaoirleach agus comhalta amháin as a bpoist. Cailleadh comhalta amháin. Tráth dheireadh 2013, b'ann d'ocht bhfolúntas ar an mBinse.

Gníomhaíonn an Binse i rannóga, ina bhfuil an cathaoirleach nó an leas-chathaoirleach i ngach ceann, mar aon le beirt chomhaltaí (roghnaítear duine amháin ó thaobh fhostóirí an phainéil agus duine amháin ó thaobh an cheardchumainn). Bíonn gach cumhacht atá ag cathaoirleach ag leas-chathaoirleach an Bhinse, nuair a ghníomhaíonn sé/sí mar chathaoirleach (ar iarratas an Aire nó an Chathaoirligh). Éistear le hachomhairc go poiblí mura gcinneann an Binse, ar iarratas ó cheachtar den bheirt pháirtithe agus faoina lánrogha, go n-éistear leis an éisteacht go príobháideach.

### ➤ **An Rúnaíocht**

Tá an Rúnaíocht freagrach as riar na gcásanna riaracháin a atreoraítear chuig an mBinse faoi reachtaíocht éagsúil um chearta fostaíochta. Is é an ról atá acu chun tacaíocht riaracháin a thabhairt don Bhinse. Is iad Státseirbhísigh, a shannann an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, atá i bhfoireann Rúnaíochta an Bhinse.

Is í Frances Gaynor (Uasal), Rúnaí an Bhinse.

## Aguisín 4: Éisteachtaí agus Suíonna

Bhí tionchar ag an bhfás gan choinne ar atreorú cásanna ar an tréimhse feithimh. Mar thoradh air sin, tháinig méadú suntasach ar an meántréimhse feithimh le roinnt blianta anuas agus is í an mheántréimhse feithimh anois 77 seachtain i mBaile Átha Cliath agus 82 seachtain i gceantair thuaithe. Le linn 2013, áfach, bhí comharthaí ann go raibh an tréimhse feithimh ag giorrú, le tréimhse feithimh de 74 seachtain agus 80 seachtain i mBaile Átha Cliath agus sna Réigiúin faoi seach.

Mar sin féin, ní féidir brath ar fhiigiúirí na meántréimhse feithimh go hiomlán. Cé go dtugann an BAF faoi éisteachtaí i thart ar 31 láthair ar fud an Stáit, sa chás go mbíonn líon sách beag cásanna ann, féadfaidh an Binse fanacht go dtí go bhfuil líon leordhóthanach cásanna ann sular féidir éisteachtaí a liostáil, d'fhonn luach ar airgead a uasmhéadú maidir le costais na n-éisteachtaí lasmuigh de Cheann-Oifig an Bhinse. A luaithe a bhailítear mais chriticiúil d'éisteachtaí, is féidir le 5 lá d'éisteachtaí in aon ionad amháin an tréimhse feithimh sa cheantar lena mbaineann a laghdú go mór. Ina theannta sin, imríonn an líon iarratas ar atráth nó athló a fhaigheann an Binse ó cheachtar páirtí tionchar ar an tréimhse feithimh.

In 2013, shuigh an Binse 239 lá. I ngach suí, reáchtáladh éisteachtaí ag 29 ionad éagsúil ar fud na tíre chun freastal ar an lucht achomharcóirí agus ar fhreagróirí.

B'éagsúil an líon rannóg a shuigh in aghaidh an lae, ach bhí idir 7 agus 8 suí, ar an meán ann gach lá. Leagtar amach sna táblaí a leanas na hionaid de réir Cúige.

Laighin	Mumha	Connachta	Ulaidh
Ceatharlach	Cluain Meala	Cora Droma Rúisc	An Cabhán
Droichead Átha	Corcaigh	Caisleán an	Dún na nGall
Baile Átha Cliath	Inis	Gaillimh	Leitir Ceanainn
Cill Chainnigh	Cill Áirne	Ros Comáin	Muineachán
An Longfort	Luimneach	Sligeach	
An Muilleán	Durlas		
An Nás	Trá Lí		
Port Laoise	Port Láirge		
Baile Átha Troim			
Tulach Mhór			
Loch Garman			
Cill Mhantáin			

## **Aguisín 5: Forbhreathnú ar an Reachtaíocht**

Comhlacht reachtúil is ea an Binse Achomhairc Fostaíochta a bunaíodh chun déileáil agus breithniú a dhéanamh ar dhíospóidí fostaíochta faoi na reachtanna seo a leanas.

***Níl i gceist leis an bhfaisnéis a sholáthraítear thíos ach treoir agus ní airbheartaítear gur léirmhíniú dlíthiúil atá inti.***

### **Na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 1967 go 2007**

Faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta, 2003, tá fostaí incháilithe i dteideal dhá sheachtain d'íocaíocht reachtúil iomarcaíochta a fháil le haghaidh gach bliain seirbhíse mar aon le seachtain bhreise bhónais. Ba chásanna ag fostaí ar íocaíochtaí iomarcaíochta ar an mbonn gur dífhostaíodh iad mar gheall ar iomarcaíocht tromlach na gcásanna a chuir an Binse de lámh faoi na hAchtanna seo. Bhain limistéir eile dhíospóide le ceisteanna a bhain le cibé acu ar cuireadh nó nár cuireadh rogha eile fostaíochta ar fáil dóibh a bhí oiriúnach dóibh; cuideachtaí bainteacha; athrú úinéireachta trádála nó gnólachta; leanúnachas fostaíochta; leagan as foirne agus páirt-dífhostaíocht; méid na gcnapshuimeanna agus an ghnáthluacha saothair sheachtainiúil a ríomh.

### **Na hAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005**

In 2003, leasaíodh an tAcht um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 agus 2001 ionas go bhféadfaí éilimh a dhéanamh le haghaidh teidlíochtaí reachtúla maidir le fógra, i gcás go raibh an fostóir dócmhainneach, agus go ndéanfaí iad seo go díreach leis an Aonad um Íocaíochtaí Dócmhainneachta sa Roinn Coimirce Sóisialaí le go ndéanfaí íocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh, gan ceart cúláirithe leis an mBinse. Chuir Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú), 2005 síneadh le forálacha um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta d'fhonn státseirbhísigh a chuimsiú amhail ón 4 Iúil 2006 ar aghaidh.

### **Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2007**

Ba mhórfhorbairt i ndlí fostaíochta na hÉireann an tAcht um Dhífhostú Éagórach, 1977. Forálann sé do réitigh d'fhostaithe a ndeimhníonn an Binse gur dífhostaíodh go héagórach iad óna bhfostaíocht. Is iad na réitigh faoin Acht: aiscur, athfhostú nó cúiteamh a mhéid le luach saothair 104 seachtain. Féadtar tús a chur le cásanna um dhífhostú éagórach leis an mBinse nó le Coimisinéir um Chearta. Ní fhéadtar cás faoin Acht seo a thabhairt a fhad leis an mBinse má chuireann duine de na páirtithe ina choinne i scríbhinn do Choimisinéir um Chearta atá ag éisteacht leis an éileamh.

Tá feidhm anois ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach le formhór na bhfostaithe stáit, lena n-áirítear státseirbhísigh. Baineadh an t-eisiamh ó na hAchtanna le haghaidh thromlach na bhfostaithe stát ag Acht Rialaithe na Státseirbhíse (Leasú), 2005 agus tháinig na hait chuí i bhfeidhm an 4 Iúil 2006.

Sa chás go gcuirtear tús le cás um dhífhostú éagórach le Coimisinéir um Chearta, féadfaidh ceachtar páirtí Moladh an Choimisinéara um Chearta a achomharc leis an mBinse laistigh de shé seachtaine ón dáta a cuireadh an Moladh in iúl do na páirtithe a bhí i gceist.

### **Na hAchtanna um Chosaint Fostaithe (Dócmhainneacht Fostóirí), 1984 go 2004**

Tá cosaint shubstainteach tugtha do theidlíochtaí airgeadais fostaithe a chailleann a bpost mar thoradh ar dhócmhainneacht a bhfostóirí le fáil in Acht 1984, arna leasú. Is éard a bhíonn i gceist le cásanna faoin Acht arna leasú, ná gearáin i leith Chinntí an Aire Coimirce Sóisialaí chun cuid d'éileamh ar íocaíocht nó an t-éileamh go léir a dhiúltú maidir le riaráistí pá, riaráistí pá breoiteachta, riaráistí pá saoire nó íocaíocht ranníocaíochtaí neamhíochta le scéimeanna pinsean gairme. Sa chás go bhfuil amhras ann maidir le cibé acu an bhfuil éileamh incheadaithe nó nach bhfuil, féadfaidh an tAire éileamh a atreorú chuig an mBinse le Cinneadh a dhéanamh. Íoctar na héilimh sin as an gCiste Árachais Shóisialaigh.

Rinneadh Rialacháin na gComhphobal Eorpach [Cosaint Fostaíochta (Dócmhainneacht Fostóirí)], 2005, I.R. Uimh. 630 de 2005 a shíneadh leis an Scéim Íocaíochtaí Dócmhainneachta chun gach dámhachtain a dhéanann an Binse a áireamh<sup>1</sup>. Síneadh an ionstraim reachtúil seo, chomh maith, le fostaithe a chuimsiú atá fostaithe in Éirinn ag fostóir Éireannach a éiríonn dócmhainneach faoi dhlíthe agus nósanna imeachta riaracháin bhallstáit eile.

### **An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997**

Forálann alt 39 den Acht um Eagrú Ama Oibre, do réiteach ar dheacrachtaí a thagann aníos le forfheidhmiú Chinntí an Bhinse Achomhairc Fostaíochta agus comhlachtaí sonraithe eile faoin reachtaíocht arna riar acu, sa chás go ndéantar sonraí i ndáil leis an bhfostóir a leagan amach go mícheart i gCinneadh an Bhinse. Ceadaíonn alt 39 go bhféadfadh fostaí, sa chás go ndéantar fostóir a aithint go mícheart go neamhaireach os comhair an Bhinse, cur isteach ar chead chun imeachtaí a thionscnamh i gcoinne fostóir beartaithe, d'ainneoin go mb'fhéidir go mbeadh an t-am do thionscnamh na n-éileamh sin

---

<sup>1</sup> Íoctar na héilimh a dhéanann an Binse faoi na hAchtanna um Íocaíochtaí Iomarcaíochta as an gCiste Árachais Shóisialaigh.

imithe in éag. Ceadáíonn alt 40 d'fhostaí nó dá c(h)eardchumann gearán faoi shaoire a áireamh in éineacht le haon imeachtaí arna dtabhairt os comhair an Bhinse i ndáil le haon reachtaíocht a thagann faoina ndlínse.

### **Na hAchtanna um Chosaint Mháithreachais, 1994 agus 2004**

Is gá díospóidí maidir le teidlíochtaí faoin Acht a thabhairt chuig Coimisinéir um Chearta sa chéad ásc agus chuig an mBinse ansin trí achomharc a dhéanamh i leith Mholadh an Choimisinéara um Chearta.

### **An tAcht um Íoc Pá, 1991**

Bunaíonn an tAcht réimse ceart d'fhostaithe a bhaineann lena bpá a íoc: an ceart modh idirbheartaithe íochta pá a bheith acu, an ceart ráiteas scríofa pá agus asbhaint a fháil, an ceart chun cosaint a fháil i leith asbhaintí neamhdhleathacha ón bpá. Ceadáíonn an tAcht achomharc a dhéanamh leis an mBinse i gcoinne Chinneadh an Choimisinéara um Chearta ar ghearáin maidir le hasbhaint neamhdhleathach ón bpá.

### **Na hAchtanna um Théarmaí Fostaíochta (Faisnéis), 1994 agus 2001**

Is é príomhchuspóir an Achta seo dualgas a leagan ar fhostóirí chun ráiteas scríofa a sholáthar d'fhostaithe ina leagtar amach sonraí áirithe maidir le téarmaí fostaíochta fostaithe.

Is gá díospóid faoin Acht a thabhairt os comhair Coimisinéara um Chearta i dtosach báire. Ansin féadtar í a thabhairt chuig an mBinse trí achomharc a dhéanamh i leith Mholadh an Choimisinéara um Chearta sa cheist.

### **Na hAchtanna um Shaoire Uchtaíoch, 1995 agus 2005**

Is é cuspóir an Achta seo teidlíocht a thabhairt d'fhostaithe baineanna, agus faoi roinnt cúinsí, fostaithe fireanna, chun saoire fostaíochta a fháil ar mhaithe le huchtáil linbh. Is gá díospóid faoin Acht a thabhairt os comhair Coimisinéara um Chearta i dtosach báire. Ansin féadtar í a thabhairt chuig an mBinse trí achomharc a dhéanamh i leith Chinneadh an Choimisinéara um Chearta sa cheist.

### **An tAcht um Chosaint Daoine Óga (Fostaíocht), 1996**

Forálann an tAcht seo gur féidir le tuismitheoir nó caomhnóir linbh nó duine óig, gearán a thabhairt os comhair an Choimisinéara um Chearta go ndearna fostóir sárú ar alt 13 (caomhnú rátaí reatha pá agus coinníollacha) nó alt 17 (diúltú comhoibriú le fostóir i sárú an Achta). Féadfaidh fostóir nó fostaí achomharc a dhéanamh leis an mBinse i dtaca le Moladh an Choimisinéara um Chearta.

### **Na hAchtanna um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 agus 2006**

Tháinig an tAcht um Shaoire do Thuismitheoirí, 1998 i bhfeidhm an 3 Nollaig 1998. Forálann an tAcht do theidlíocht fear agus bhan chun fáil a bheith acu ar shaoire neamhíochta ó fhostaíocht lena chur ar a gcumas aire a thabhairt dá leanaí óga, agus ar shaoire theoranta íochta (*saoire force majeure*) le cur ar chumas fostaithe déileáil le héigeandáil teaghligh a eascraíonn ó ghortú nó ó ghalar i measc daoine áirithe muinteartha.

Tá fostaithe agus fostóirí i dteideal díospóid a atreorú maidir le teidlíocht faoin Acht chuig Coimisinéir um Chearta. Caithfear atreorú chuig an gCoimisinéir um Chearta maidir le díospóid a rinneadh faoin Acht a dhéanamh i scríbhinn laistigh de 6 mhí tar éis gur tharla an díospóid. Déileáiltear le díospóidí a bhaineann le dífhostú fostaí, áfach, faoi fhorálacha na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1977 go 2001.

### **An tAcht um Shaoire Cúramóra, 2001**

Forálann an tAcht seo do theidlíochtaí fostaithe chun fáil a bheith acu ar shaoire neamhíochta churamóra óna bhfostaíocht, chun gur féidir leo aire a thabhairt go pearsanta do dhaoine a ndearna an Roinn Coimirce Sóisialaí a dheimhniú go dteastaíonn cúram agus aire lánaimseartha uathu. Féadtar Cinneadh an Choimisinéara um Chearta a achomharc leis an mBinse laistigh de 4 seachtaine tar éis an dáta a cuireadh an Cinneadh in iúl do na páirtithe. Féadtar síneadh a chur leis an teorainn ama ar feadh tréimhse bhreise, gan sé seachtaine a shárú, má mheasann an Binse gur réasúnta amhlaidh a dhéanamh agus aird ar gach cúinse.

### **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaithe ar Aistriú Gnóthas), 2003**

Tháinig na rialacháin seo i bhfeidhm an 11 Aibreán 2003. Déanann siad Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Cearta Fostaithe ar Aistriú Gnóthas) 1980, agus Rialachán na gComhphobal Eorpach (Cosaint Cearta Fostaithe ar Aistriú Gnóthas) 2000 a chúlghairm agus a ionadú. Forálann siad d'ionadaíocht, agus comhairliúchán le fostaithe d'éagmais ceardchumann, cumann foirne nó comhlacht eiscthe. Forálann siad,

chomh maith, do ghearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir um Chearta sa chás go sáraíonn fostóir Rialachán 8 (an fhoráil maidir le faisnéis agus comhairliúchán) agus chun foráil a dhéanamh do mhéaduithe ar leibhéal na bhfíneálacha a ghearrtar le haghaidh cionta.

Tá foráil ann gur féidir Cinneadh an Choimisinéara um Chearta a achomharc leis an mBinse laistigh de shé seachtaine tar éis an dáta a cuireadh an Cinneadh in iúl do na páirtithe. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm Cinneadh an Choimisinéara um Chearta nó cinntiúchán an Bhinse, féadtar éileamh le haghaidh forfheidhmiúcháin a dhéanamh tar éis tréimhse sé seachtaine leis an gCúirt Chuarda.

### **Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cosaint Fostaíochta), 2000**

Leasaíonn na Rialacháin seo an tAcht um Chosaint Fostaíochta, 1977, chun foráil a dhéanamh d'ionadaíocht, agus i gcomhairle le fostaithe d'éagmais ceardchumann, cumann foirne nó comhlacht eisceithe; chun foráil a dhéanamh don cheart chun gearán a dhéanamh le Coimisinéir um Chearta sa chás go sáraíonn fostóir alt 9 nó 10 (faisnéis agus comhairliúchán fostaithe) agus chun foráil a dhéanamh do mhéaduithe ar leibhéal na bhfíneálacha a ghearrtar le haghaidh cionta.

Tá foráil ann gur féidir Cinneadh an Choimisinéara um Chearta a achomharc leis an mBinse laistigh de shé seachtaine tar éis an dáta a cuireadh an Cinneadh in iúl do na páirtithe. Sa chás nár cuireadh i bhfeidhm Cinneadh an Choimisinéara um Chearta, féadtar cás le haghaidh forfheidhmiúcháin a atreorú chuig an mBinse tar éis na tréimhse sé seachtaine.

### **Na hAchtanna Iomaíochta, 2002-2010**

Rinne na hAchtanna Iomaíochta 2002-2010 comhdhlúthú ar an reachtaíocht reatha iomaíochta agus chumaisc. Forálann alt 50(3) den Acht do chosaint fostaí, ó phionós a ghearrfadh fostóir, sa chás gur ghníomhaigh an fostaí go réasúnta agus de mheon macánta, ag tuairisciú sárúithe faoin Acht. Leagtar amach i Sceideal 3 den Acht an bealach a shásaítear, arb é sin gearán a dhéanamh le Coimisinéir um Chearta agus achomharc a dhéanamh leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta.

### **An tAcht Ceimiceán 2008 agus 2010**

Forálann alt 26 den Acht seo do chosaint fostaithe ó phionós a bheith gearrtha orthu mar gheall ar shárúithe ar an Acht a thuairisciú.



### **An tAcht um Chosaint Daoine a Thuairiscíonn Mí-Úsáid Leanaí, 1998**

Is é cuspóir an Achta seo cosaint a sholáthar do dhaoine a thuairiscíonn “go réasúnta agus de mheon macánta” le hoifigigh ainmnithe na mbord sláinte nó le haon bhall den Gharda Síochána. Is é an bealach a shásaítear an cheist ná trí ghearán a dhéanamh le Coimisinéir um Chearta. Tá foráil ann freisin d’achomharc ón gCoimisinéir um Chearta ag ceachtar páirtí, leis an mBinse Achomhairc Fostaíochta. Tháinig an tAcht i bhfeidhm an 23 Eanáir

1999.

### **An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007**

Forálann alt 87 den Acht seo do chosaint fostaithe ó phionós a bheith gearrtha orthu mar gheall ar shárúithe ar an Acht a thuairisciú.

## Aguisín 6: Gluais Téarmaí

<b>Éilitheoir</b>	an té atá ag tabhairt an cháis.
<b>Freagróir</b>	an té nó an chuideachta a nglactar an cás ina leith.
<b>Achomharcóir</b>	an té nó an chuideachta a bhfuil cinneadh á achomharc acu.
<b>Rannóg</b>	feidhmíonn an Binse i rannóga, ina bhfuil an cathaoirleach nó an leas-chathaoirleach i ngach ceann, mar aon le beirt chomhaltaí eile, roghnaítear duine amháin ó thaobh fhostóirí an phainéil agus duine amháin ó thaobh an cheardchumann; tá na cumhachtaí uile a bheadh ag an gcathaoirleach ag leas-chathaoirleach sa chás go bhfuil sé/sí ag feidhmiú mar chathaoirleach (ar iarratas ón Aire nó ón gcathaoirleach).
<b>Aistarraingthe</b>	ní féidir ach leis an éilitheoir nó ionadaí an éilitheora iarratas a aistarraingt.
<b>Socrú</b>	comhaontú a bhaineann na páirtithe amach; d'fhéadfadh seotarlu roimh an éisteacht nó ag aon tráth le linn na héisteachta; ní eiseofar cinntiúchán sa chás seo.
<b>Saoirse athiontrála</b>	sa chás go bhfuil páirtithe tar éis teacht ar chomhaontú, déantar an t-éileamh nó an t-achomharc a aistarraingt agus tugann rannóg teorainn dhocht chun an t-éileamh nó an t-achomharc a athiontráil.
<b>Curtha de láimh</b>	Cásanna a aistarraingítear roimh éisteacht, le linn éisteachta nó ar a n-éisítear cinntiúchán
<b>Ionadaíocht</b>	féadfaidh páirtí bheith i láthair gan ionadaíocht, nó féadfaidh abhcóide nó atur nae nó ionadaí ó cheardchumann nó ó eagraíocht fostóirí ionadaíocht a dhéanamh ar a son, agus le cead ón mBinse, féadfaidh aon duine eile ionadaíocht a dhéanamh ar a son.
<b>Cinntiúchán</b>	is éard is cinntiúchán ann ná cinneadh an Bhinse a chuirtear i gcuntas i gcáipéis a shíníonn an cathaoirleach agus a shéalaítear ag séala an Bhinse.
<b>Clár</b>	iontráiltear cinntiúcháin an Bhinse i gclár, atá ar oscailt lenainiúchadh ag aon duine gan aon táille a íoc le linn gnáthuaireanta oibre ag oifigí Runaíochta an Bhinse.

Níl an Ghluais seo de na téarmaí a a úsáidtear níos coitianta maidir le himeachtaí os comhair an Bhinse críochnaitheach agus ní bheartaítear go mbaintear leas as an ngluais mar ghluais iomlán. Treoir atá sa ghluais don 'ghnáthduine' maidir leis na téarmaí coitianta siúd agus tá sé beartaithe cabhrú le tuiscint a fháil ar an téarmaíocht.

## Aguisín 7: Forais Chomhairleacha agus Faisnéise

### An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta Nuálaíocht

23 Sráid Chill Dara  
Baile Átha Cliath 2

**Guthán:** +353 1 6312121 or Íosghlao: 1890220222

[www.djei.ie](http://www.djei.ie)

### Na Coimisinéirí um Chearta

Teach Tom Johnson  
Bóthar Haddington  
Baile Átha Cliath 4

**Guthán:** (01) 613 6700

Íosghlao: 1890 220 227 (outside (01) area)

[www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

### An Chúirt Oibreachais

Teach Tom Johnson Bóthar Haddington Baile Átha Cliath 4

**Guthán:** 01 6136666 [www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

### An Binse Comhionannais

Teach Davitt  
65A Bóthar Adelaide  
Baile Átha Cliath 2

**Guthán:** 01-6136800

Ríomhphost: [info@equalitytribunal.ie](mailto:info@equalitytribunal.ie)

[www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

### An tSeirbhís Chustaiméirí do Chaidreamh san Ionad Oibre

Foirgnimh an Rialtais  
Bóthar Uí Bhriain  
Ceatharlach

**Guthán:** +353 59 9178990 nó Íosghlao 1890808090

[www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

### An tSeirbhís Chúirteanna

15-24 Sráid an Fhéinics Thuaidh  
Margadh na Feirme  
Baile Átha Cliath 7

**Guthán:** + 353 1 888

6000 [www.courts.ie](http://www.courts.ie)

### An tÚdarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta

Foirgnimh an Rialtais  
Bóthar Uí Bhriain  
Ceatharlach

**Guthán:** +353 59 9178990 nó Íosghlao 1890808090

[www.workplacerelations.ie](http://www.workplacerelations.ie)

### An Oifig um Chlárú Cuideachtaí

Teach Parnell  
14 Cearnóg Parnell  
Baile Átha Cliath 1

**Guthán:** +353 1

8045200 [www.cro.ie](http://www.cro.ie)

### An Rannóg Iomarcaíochta

An Roinn Coimirce Sóisialaí Bloc C  
Ionad Phort an Iarla Sráid Haiste Baile Átha Cliath 2

**Guthán:** 1890 800 699 [www.welfare.ie](http://www.welfare.ie)

### An Rannóg Dócmhainneachta

An Roinn Coimirce Sóisialaí Bloc C  
Ionad Phort an Iarla  
Sráid Haiste Baile Átha Cliath 2

**Guthán:** 1890 800 699

### Faisnéis do Shaoránaigh

**Guthán:** +353 12 452 1600 nó Íosghlao 121 or +353 21 452 1600

Caith súil ar [www.citizensinformation.ie](http://www.citizensinformation.ie) chun teacht ar an ionad eolais is gaire duit

### Na Coimisinéirí Ioncaim

Caith súil ar [www.revenue.ie](http://www.revenue.ie) fchun teacht ar an oifig ioncaim is gaire duit

Tabhair faoi deara go bhféadfadh na rátaí a ghearrtar ar uimhreacha 1890 (íosghlao) bheith éagsúil i measc soláthróirí éagsúla seirbhíse

